Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12348/25**
**ADD 1**

**PECHE 241**
**DELACT 122**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5928 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE).../... ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 32/2012 ón gCoimisiún. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5928 annex.

---

Faoi iamh: C(2025) 5928 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.9.2025
C(2025) 5928 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE)…/... ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2024/2594 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 32/2012 ón gCoimisiún.**

## IARSCRÍBHINN

**Leasuithe ar Iarscríbhinní IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2594**

A. Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(1) cuirtear seo an méid a leanas in ionad phointe 3.1:

'3.1. Mogallmhéideanna íosta do threalamh tarraingthe

Beidh feidhm ag na mogallmhéideanna soc-fhoircinn seo a leanas sa Limistéar Rialála:

| **Mogallmhéid soc-fhoircinn** | **Limistéir gheografacha** | **Coinníollacha** |
|---|---|---|
| 100 mm ar a laghad | An limistéar ar fad | Níl ann |
| 100 mm ar a laghad | Folimistéir 1 agus 2 de ICES | Iascaireacht spriocdhírithe péirsí mara peiligeacha (*Sebastes mentella*) |
| 35 mm ar a laghad | An limistéar ar fad | Iascaireacht spriocdhírithe faoitíní gorma |
| 32 mm ar a laghad | Folimistéir 1 agus 2 de ICES | Iascaireacht spriocdhírithe séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*)<br>Feisteofar greille shórtála a mbeidh spás 22 mm ar a mhéad idir a barraí |
| 16 mm ar a laghad | An limistéar ar fad | Iascaireacht spriocdhírithe ronnach, caibeallán () agus airgintíní |
| ([1]) Measfar soitheach a bheith ag iascaireacht caibeallán má tá caibealláin ar bord aige a sháraíonn 50 % de réir meáchain de mhéid iomlán na gcaibeallán agus na speiceas eile ar bord. | | |

';

(2) cuirtear seo an méid a leanas in ionad phointe 4:

**'4. Bearta maidir le hinbhuanaitheacht na bpéirsí mara a áirithiú i Muir Irminger agus sna huiscí taobh léi**

4.1 Toirmeascfar gach gníomhaíocht iascaireachta sa limistéar a theorannaíonn na comhordanáidí seo a leanas arna dtomhas de réir chóras WGS84:

| Domhanleithead | Domhanfhad |
|---|---|
| 63°00'T | 30°00'I |
| 61°30'T | 27°35'I |
| 60°45'T | 28°45'I |
| 62°00'T | 31°35'I |

| | |
|---|---|
| 63°00'T | 30°00'I |

4.2. Maidir le péirsí domhainmhara peiligeacha éadoimhne agus péirsí domhainmhara peiligeacha doimhne (*Sebastes mentella*) ó Mhuir Irminger agus ó na huiscí máguaird (folimistéir 5, 12 agus 14 de ICES, agus folimistéir 1 agus 2 de NAFO), beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta iascaireacht a dhéanamh orthu nó iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcalafoirt an Aontais. Beidh feidhm ag an toirmeasc sin maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais i gcalafoirt tríú tír freisin.

4.3. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais páirt a ghlacadh in oibríochtaí trasloingsithe lena mbaineann na stoic dá dtagraítear i mír 4.2.

4.4. Beidh toirmeasc ar shoithí an Aontais athbhreoslú nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar do shoithí iascaireachta a bhfuil gabhálacha de na stoic dá dtagraítear i mír 4.2 acu.

4.5. Soithí iascaireachta atá tar éis iascach spriocdhdírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír (4)2 tar éis an 5 Márta 2025, ní údarófar iad le teacht i dtír, trasloingsiú, ná úsáid a bhaint as aon seirbhís calafoirt eile i gcalafoirt an Aontais.

4.6. Soithí iascaireachta atá tar éis iascach spriocdhírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír (4)2 tar éis an 5 Márta 2025, ní údarófar iad le haon ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais.

4.7. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais páirt a ghlacadh in oibríochtaí trasloingsithe lena mbaineann soithí atá tar éis iascach spriocdhírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír (4)2 tar éis an 5 Márta 2025.

4.8. Beidh toirmeasc ar shoithí an Aontais athbhreoslú nó seirbhísí tacaíochta a sholáthar d’aon soitheach iascaireachta atá tar éis iascach spriocdhírithe a dhéanamh ar na stoic dá dtagraítear i mír (4)2 tar éis an 5 Márta 2025.

4.9. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i míreanna 4.1 go 4.8 go dtí an 31 Nollaig 2027.’;

(3) cuirtear seo an méid a leanas in ionad phointe 6:

**‘6. Bearta maidir le hiascach na bpéirsí mara in uiscí idirnáisiúnta fholimistéir 1 agus 2 de ICES**

6.1. Áiritheoidh na Ballstáit bhrataí go mbaileoidh breathnóirí eolaíocha faisnéis eolaíoch ar bord soithí a bhfuil a mbrat ar foluain acu. Ar a laghad, beidh san fhaisnéis a bhaileofar sonraí ionadaíocha ar a bhfuil sa ghabháil maidir le gnéas, aois agus fad, de réir doimhneachta. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát an fhaisnéis sin in iúl do ICES.

6.2. Úsáideann máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais na fachtóirí coinbhéartachta seo a leanas chun cóimhéas beomheáchain táirgí péirsí mara a bhunú:

(i) 2.03 le haghaidh an táirge, glanta agus dícheannta (gearradh Seapánach),

(ii) 1.50 le haghaidh an táirge, glanta agus dícheannta, agus

(iii) 1.08 le haghaidh an táirge, glanta agus ceann air.’:

B. leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(1) cuirtear seo an méid a leanas in ionad phointe 1:

**'1. Teachtaireacht an fhógra**

| Eilimint sonraí | Éigeantach/ Roghnach | Nótaí |
|---|---|---|
| Ainm an tsoithigh | M | Ainm an tsoithigh |
| Comhartha aitheantais raidió | M | Comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh |
| Stát Brataí | M | An stát ina bhfuil an soitheach cláraithe |
| Uimhir IMO an tsoithigh | M ([3]) | Uimhir IMO/UVI an tsoithigh |
| Uimhir thagartha inmheánach | O ([1]) | Uimhir soithigh uathúil an Pháirtí Chonarthaigh mar chód tíre 3-alfa Stáit brataí agus uimhir ina dhiaidh sin |
| Uimhir chlárúcháin sheachtrach | M | Uimhir thaobh an tsoithigh |
| Ainm an Chalafoirt | O | Calafort clárúcháin |
| Úinéir an tsoithigh | M ([2]) | Freagrach as an soitheach a úsáid |
| Cairtfhostóir an tsoithigh | M ([2]) | Freagrach as an soitheach a úsáid |
| An cineál soithigh | M ([5]) | Cód cineáil soithigh FAO |
| Trealamh soithigh | O | Aicmiú staidrimh FAO ar threalamh iascaireachta |
| Toilleadh an tsoithigh in GT | M | Toilleadh soithigh i gcomhréir le Coinbhinsiún Londan ICTM-69 |
| Fad iomlán an tsoithigh | M | Fad iomlán i méadair |
| Cumhacht an tsoithigh | M | Cumhacht innill i gciliveatanna |
| Údarú teoranta | O | Mionsonra ceadúnais; údarú faoi réir srianta sonracha ar oibriú sa Limistéar Rialála, 'Tá' nó 'Níl' |

';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfo-nótaí:

'([1]) Uimhir CFR

([2]) Cibé ceann is cuí

[3]) Éigeantach maidir le soithí atá faoi réir Rún IMO A.1078 (28)

([4]) Cibé ceann is iomchuí

(5) I gcás soithí a bhíonn ag atbhreoslú soithí iascaireachta nó ag athsholáthar dóibh, úsáidfear ‘FX.’.